

IFCO

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL **SCRÚDÓIR NA SCANNÁN** 2006

Michael McDowell, TD
An tAire Dlí agus Cirt,
Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

A Aire,

Tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil 2006 Scrúdóir Oifigiúil na Scannán a chur i láthair mar a fhorordaítear in Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989. Bhí siad seo a leanas ar phríomhfhorbairtí na bliana, bliain chruógach eile a bhí ag IFCO:

• Deimhníodh breis is deich míle scannán pictiúrlainne agus DVD/físeán ar an iomlán. Tuairim is trí uaire an líon a deimhníodh i 1999.

• Dála 2005, áiríodh orthu sin líon suntasach scannán neamh-phríomhshrutha nó 'art-house', m.sh. scannáin le fotheidil, scannáin ar ábhar spéise mionlaigh, srl. Is mar gheall ar tháillí laghdaithe a bhaineann IFCO amach ar scannáin ar eisiúint theoranta a dheimhniú is mó ba chúis leis seo, tionscnamh a thug tusa isteach ar iarratas ó IFCO i 2004 (Ionstraim Reachtúil Uimh 114 de 2004).

• Leanann dáileoirí in Éirinn agus sa RA ag éileamh go gcuirfí tionscnamh den chineál céanna i bhfeidhm maidir le teidil ar ábhair spéise mionlaigh a eisítear ar DVD/fhiseán. Tuigim, áfach, go bhfuil comhairle dlí faighte ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go mbeadh gá leasú a dhéanamh ar an Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, chun tionscnamh den chineál céanna a thabhairt isteach i dtaca le fiseán/DVD neamh-phríomhshrutha, agus tuigim go ndéanfar leasú den chineál sin le linn 2007.

• Mar chuid den bhaint leanúnach a bhíonn againn le taighde a bhaineann le haicmiú, rinneamar coimisiúnú ar dhá thogra taighde ar leithligh. Rinne Lansdowne Market Research an chéad cheann, togra taighde cáilíochtúil, a rinne scrúdú ar dhearcadh tuismitheoirí agus déagóirí maidir le húsáid teanga láidir i scannáin do IFCO. Tá na príomhthorthaí leagtha amach ar leathanach 5 den Tuarascáil seo.

• Staidéar ar Scóip is ea an dara togra a dhéanfaidh scrúdú ar rogha aicmithe amach anseo sa tírdhreach siamsaíochta baile agus scannán atá ag athrú go tapa. Creidim go bhfuil sé tráthúil go ndéanfadh IFCO athbhreithniú ar na dúshláin atá ann in aicmiú físeaín/DVD atá ag teacht chun cinn de bharr forbairtí teicneolaíochta nua agus samhalacha gnó agus go bhféachfadh sé go forghníomhach leis na dushláin sin a chomhlíonadh. Tá coimisiúnú déanta ag IFCO ar an gcomhairleoir meán agus scannán, an Dr. Jim Barrett, iar-Cheannaire Taighde agus Staitisticí Chomhairle Scannán an RA, chun an tuarascáil seo a chur le chéile a bheidh ar fáil ag tús 2007 agus a chuideoidh chun IFCO a chur ar an eolas agus é ag glacadh páirte i ndíospóireachtaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tagraítear don shonraíocht atá mar bhonn taca leis an tuarascáil sa roinn Forbairtí Amach Anseo den Tuarascáil seo ar leathanach 19.

• I mí na Samhna, sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD, an tAthbhreithniú Píolótach ar mhodúl na hidirbhliana ar oideachas íomhá gluaiseachta in Institiúid Scannán na hÉireann. Mar a dúirt an tAire ag an seoladh, chuir an modúl idirbhliana seo tús le comhoibriú ar leith idir príomhpháirtithe leasmhara in Éirinn: an Roinn Oideachais, Institiúid Scannán na hÉireann, An Chomhairle Ealaíon, Bord Scannán na hÉireann agus IFCO. Bhí sé de phribhléid agam a bheith i mo chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre a bhí comhdhéanta de na heagraíochta seo agus a d'fhoilsigh an tAthbhreithniú Píolótach. Is féidir teacht ar an Athbhreithniú i roinn News ár láithreáin ghreásáin www.ifco.ie.

• Tháinig ardú 16% ar líon na ndaoine a thug cuairt ar láithreán gréasáin IFCO ón mbliain roimhe sin. Cuireann an láithreán greásáin comhairle sonraithe tomhaltóra ar fáil do thuismitheoirí chomh maith le heolas ar gach scannán chomh luath is a eisítear iad.

• Tá súil agam go mbeimid in ann seirbhís den chineál céanna a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le DVD/físeán. I dtaca leis sin, tá aiféala orm nach ndearnamar an dul chun cinn a raibh súil againn leis i dTuarascáil na bliana anuraidh. Níl an dara céim den uasghradú pleanáilte ar an gcóras TE lánpháirtithe IFCO curtha i bhfeidhm go fóill mar go raibh costais níos airde ná mar a samhlaíodh ar dtús. Tá roghanna eile á mbreithniú anois go práinneach agus mar sin táim dóchasach go gceadófar leanúint leis an obair go luath.

• Bhí bliain ghníomhach eile ag Cigireacht IFCO, a dheánann monatóireacht ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989 agus a dhéanann idirchaidreamh leis na Gardaí. Mar thoradh air sin, tá Gardaí faoi láthair ag fiosrú líon suntasach cásanna a bhaineann le sárú tromhchúiseacha líomhnaithe ar an Acht um Fhistaifeadtaí, 1989


• I roinn Forbairtí Breise na Tuarascála seo ar leathanach 19 ardaím roinnt ceisteanna maidir le todhchaí IFCO i gcomhthéacs na haoise digití atá ag teacht a bhainfidh le híoschóipeáil físeán, le hinréimneacht na meán domhanda agus le teicneolaíochtaí atá ag athrú an-tapa agus cuirim an cheist conas is fearr ár dtéarmaí tagartha a athshainmhíniú ionas gur féidir le IFCO leanúint ag soláthar eolas aicmithe tomhaltóra don phobal – agus do thuismitheoirí ach go háirithe – san aois dhigiteach atá ag teacht.


Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an obair a rinne mo chomhghleacaithe, an Leas-Scrúdóir, Ger Connolly, i dteannta a fhoirne de Scrúdóirí Cúnta, ár mBainisteoir Oifige, Ann O'Kelly agus mo chomhghleacaithe státseirbhíse in IFCO agus i Rannán Seirbhísí Corparáide na Roinne Dlí Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le linn 2006. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt freisin don obair a rinne Alison Foley, Scrúdóir Cúnta in IFCO, a thosaigh ina post nua i Meán Fómhair mar Dhlíodóir Pleanála sa Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród.

Mise le Meas,

John Kelleher

John Kelleher
Scrúdóir na Scannán







CASINO ROYALE **15A**



*'They can't censor the gleam in my eye.' (Charles Laughton, British actor)*

## GNÍOMHAÍOCHT OIBRÍOCHTÚIL

I gcomparáid le 2005 tháinig ardú 16% ar líon na scannán pictiúrlainne a deimhníodh (lena n-áirítear réamhbhlaisíní); tháinig ardú 3% ar líon iomlán DVDanna/físeán a deimhníodh; agus tháinig ardú 15% ar líon iomlán na gceadúnas físeán a eisíodh.

Bhí baint ag na táillí níos ísle atá IFCO a bhaint amach ar dheimhniú scánnán ar eisiúint theoranta nó 'art house' leis an ardú sin i líon na scannán pictiúrlainne a deimhníodh. Toradh amháin a bhí ar an tionscamh seo agus ar cuireadh fáilte roimhe ná go bhfuil dáileoirí ag eisiúint níos mó den chineál sin scannán in Éirinn.

Tháinig ardú chomh maith ar líon na DVDanna/bhfíseán a deimhníodh cé nár ardaigh sé ag ráta chomh tapa le blianta roimhe sin. D'fhéadfadh go bhfuil sé sin ag tabhairt le fios go bhfuil plateau bainte amach ag an bhfás sa mhargadh díola DVD agus tá fomhór na gcúlchatalóga anois ar eisiúint. D'fhéadfadh gur léiriú freisin é ar an imní atá ar dháileoirí DVD, mar a luaigh mé i dTuarascáil Bhliantúil 2005, a mhaíonn nach bhfuil sé inmharthana go tráchtála dóibh roinnt teideal DVD nach bhfuil sa phríomhshruth a eisiúint mar gheall ar phíoráideacht fiseán agus go háirithe mar gheall ar an ardú a tháinig ar tháillí deimhnithe IFCO a tugadh isteach i 2004.

Is de bharr obair chigireachta IFCO is mó a tháinig ardú ar líon na gceadúnas a eisíodh.

## ATHRUITHE LE DÉANAÍ AR DHEIMHNITHE SCANNÁN PICTIÚRLAINNE

Fáiltíonn an pobal, tuismitheoirí agus an tionscail roimh na hathruithe a rinneadh ar roinnt de na catagóirí deimhnithe scannán ag tús na bliana. Is iad sin: tugadh isteach deimhniú '16' agus athainmníodh '12PG' agus '15PG' mar '12A' agus '15A'. I 2006, deimhníodh 22 scannán pictiúrlainne mar '18' agus deimhníodh 42 mar '16'. ( I 2005, deimhníodh 30 mar '18' agus 43 mar '16'.)

## SCANNÁIN PHICTIÚRLAINNE AR EISIÚINT THEORANTA

Tháinig ardú 15% i 2006 ar líon na bpríomhscánnán pictiúrlainne ar eisiúint theoranta.

Is éard is scannán ar eisiúint theoranta ann ná scannán a eisítear in Éirinn ar shé chló nó níos lú. Ó 2004, níl an táille a bhaineann IFCO amach ar scannán ar eisiúint theoranta a dheimhniú ach an ceathrú cuid den tsuim a bhaintear amach ar scannán príomhshrutha a dheimhniú. Is mar gheall ar an táille laghdaithe sin, den chuid is mó, a bhfuil ardú tagtha ar dháileadh na scannán pictiúrlainne neamh-phríomhshrutha in Éirinn.

Bhain lucht pictiúrlainne as pobail eitneacha éagsúla in Éirinn, go háirithe iadsan as an Áis agus as Oirthear na hEorpa tairbhe freisin as an bhforbairt sin nuair a eisíodh, mar shampla, leagan Polainnise d'aor grinn Sacha Baron Borat: Cultural Learnings of America for Make Benefit Glorious Nation of Kazakhstan, in Éirinn.

Ar an iomlán rinne IFCO deimhniú ar 86 scannán ar eisiúint theoranta le linn 2006, lena n-áirítear Caché, The Squid and the Whale, Junebug, 36, The Proposition, Down in the Valley, Tsotsi, The Notorious Betty Page, Transamerica, Volver, The Upside of Anger, Red Road, The Lives of Others (Buaiteoir Academy Award don Scannán is Fearr i dTeanga Eachtrannach), Infamous agus For Your Consideration.

## MOLTAÍ MAIDIR LE FÍSEÁIN/DVDANNA AR EISIÚINT THEORANTA

Mar a dúradh i mo Thuarascáil Bhliantúil 2005, tá imní ar dháileoirí DVD/físeán na hÉireann agus ar dháileoirí iasachta maidir leis an gcostas a bhaineann leis an táirge neamh-phríomhshrutha a dháileadh in Éirinn, margadh ar dóigh leo atá ag fáil níos neamh-inmharthana dóibh. Creideann siad go bhfágfadh scála táillí laghdaithe ar theidil speisialtóireachta/mionlaigh, mar a mhol IFCO, go mbeadh sé inmharthana dóibh teidil den chineál sin a eisiúint seachas a choinneáil siar agus go mbeadh tionchar aige freisin ar phíoráideacht a laghdú. Mar a tugadh ar aird sa Réamhrá leis an Tuarascáil seo, tuigim ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go nglacfar gníomh ina leith sin.
Maidir le píoráideacht, tá IFCO ina bhall den ghrúpa oibre sa tionscail a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i 2006 chun comhordú a dhéanamh ar an bhfeachtas atá dírithe ar deireadh a chur le píoráideacht maoine intleachtúil, coir a chreidtear a ghoideann suas le €300 milliún sa bhliain ón tionscal agus ón státchiste.

## TAIGHDE MAIDIR LEIS AN DEARCADH I LEITH TEANGA LÁIDIR I SCANNÁIN

I dtús 2006, d'iarr IFCO ar Lansdowne Market Research tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil ar thuismitheoirí agus ar dhéagóirí maidir lena ndearcadh i leith teanga láidir i scannáin. Tacaíonn an taighde seo le suirbhé náisiúnta ar thuismitheoirí a rinne Lansdowne Market Research ar son IFCO le linn 2004.

Roghnaíodh an scannán Éireannach, Studs, mar chás-staidéar sular eisíodh go náisiúnta é i Márta mar go raibh teanga láidir in úsáid ann go minic, lena n-áirítear gur húsáidíodh an focal 'f' breis is céad uair ann.

Is éard a bhí sa taighde a rinneadh in oifigí IFCO ná gur cuireadh an scannán ar scáileán agus gur pléadh an scannán i measc trí ghrúpa; déagóirí fir agus mná in aois 15/16; tuismitheoirí déagóirí óga fir agus mná; lucht oideachais, oibrithe óige, ionadaithe ar Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, ar chomhlachtaí spóirt, srl.

I measc na dtorthaí leathana ar thángthas orthu bhí:

- Rinne rannpháirtithe, daoine fásta chomh maith le mionaoisigh, idirdhealú idir dhá chatagóir de theanga láidir: 'drochtheanga', mar a bhaintear leas aisti sa teanga choiteann agus 'teanga do mhí-úsáid', nuair a rinneadh tagairt do chine duine, do dhath a gcraicinn nó do chlaonadh gnéasach duine.

- Mhothaigh déagóirí nach raibh teanga láidir, cé go raibh sí inghlactha i gcomhthéacsanna áirithe (m.sh. greann, béim), inghlactha má bhaintear leas aisti i gcomhthéacs ionsaitheach (m.sh. ciníoch).

- Bhí tuismitheoirí, arbh fhearr leo go ginearálta nach mbainfeadh a leanaí leas as drochtheanga, sách réadúil faoin a húsáid, ach, i roinnt cásanna, léirigh siad imní maidir leis na himpleachtaí ó thaobh stádas sóisialta a bheadh ag úsáid drochtheanga ar a leanaí.

• Thug oibrithe óige ar aird go bhfuil úsáid teanga láidir ag fáil níos coitianta i sochaí na hÉireann agus léirigh siad imní faoi go bhfuil úsáid teanga do mhí-úsáid ag fáil níos coitianta. Ní dóigh leo, áfach, gur mar gheall ar an bpictiúrlann ná DVDanna é seo, ná na meáin go ginearálta, ach aithníonn siad gur comhartha é go bhfuil Éire ag athrú.

• Maidir le critéir aicmithe, dúirt formhór na rannpháirtithe gur aontaigh siad leis an tslí a ghlacann rátálacha IFCO an teanga atá i scannáin san áireamh, cibé an teanga láidir nó teanga nach bhfuil chomh láidir atá i gceist. I gcomhthéacs an scannáin a roghnaíodh mar chás-staidéar, cé gur mhothaigh go leor daoine gur léiriú cruinn a bhí sa teanga láidir i Studs ar an gcaoi a mbíonn fíor-fhoireann peile agus ar sheasamh sóisialta na gcarachtéirí a léiríodh, d'aontaigh gach duine le IFCO, (a thug rátáil 15A do Studs) nach mbeadh rátáil 12A feiliúnach mar gheall ar an gcineál teanga láidir a bhí coitianta sa scannán.

Is féidir féachaint ar an tuarascáil taighde cáilíochtúil a rinne Lansdowne Market Research do IFCO, 'Assessing Attitudes to Strong Language in Film' nó í a íoschóipeáil ó roinn News ár láithreáin ghréasáin ag www.ifco.ie. Is mian le IFCO aitheantas a thabhairt don chomhoibriú a thug Brendan McCaul, Bainisteoir Ginearálta, Buena Vista International (Éire), a chuir Studs ar fáil mar chás-staidéar don togra taighde seo.

## FEACHTAS FEASACHTA POIBLÍ

Le linn 2006 tugadh chun críche an Chéad Chéim d'fheachtas náisiúnta meán agus pictiúrlainne IFCO, a sheol an tAire Dlí agus Cirt, Ciomhionannais agus Athchóirithe Dlí i Samhain 2005, chun an pobal a chur ar an eolas faoin ár ndeimhnithe scannán, ar dtreoracha maidir le haicmiú agus ár láithreán gréasáin agus rinneadh dáileadh breise ar aon mhilliún leabhrán póca dar teideal 'Eolaí Póca ar Aicmiú Scannán' i bpictiúrlainne .

Seolfar Céim a Dó den fheachtas feasachta poiblí a dhíreoidh ar scoileanna agus ar láithreán gréasáin le linn 2007.

## LÁITHREÁN GRÉASÁIN IFCO

Lean an pobal ag tabhairt freagra dearfach ar láithreán gréasáin IFCO a sholáthraíonn comhairle mhionsonrach tomhaltóra agus eolas do thuismitheoirí ar scannáin phictiúr-lainne agus tháinig ardú 16% ar líon na gcuairteoirí chuig an láithreán le hais 2005.

Tá an-suim idirghníomhach go fóill inár gcomórtas míosúil ar an láithreán greásáin ina bhfaigheann buaiteoirí deis freastal ar premiére nó marsantacht a bhaineann le scannáin a bhuachaint. I measc na scannán a raibh an-tóir orthu agus ar bhain na duaiseanna leo i 2006 bhí: Casino Royale, Pirates of the Caribbean: Dead Man's Chest, Open Season, The Da Vinci Code, Eragon, The Devil Wears Prada, Breakfast on Pluto, Miami Vice, Chicken Little agus Mission Impossible 3. Baineann an t-eolas tomhaltóra atá ar fáil ar láithreán greásáin IFCO le heisiúintí pictiúrlainne. Ní bhaineann sé go fóill le DVD/físeáin. Baineann 90% den obair iomlán a ndéanann IFCO deimhniú uirthi le DVD/físeáin. Tá súil agam, áfach, go mbeidh an infheistíocht riachtanach ar fáil go luath chun forbairt TE breise a dhéanamh ionas gur féidir le IFCO seirbhís den chineál céanna a sholáthar i dtaca le DVD/físeáin do thuismitheoirí, don phobal agus don tionscal.

## IDIRCHAIDREAMH LE BAINISTEOIRÍ PICTIÚRLAINNE

Labhair Ms. Dani McClafferty, Scrúdóir Cúnta, ar tugadh freagracht di i Meán Fómhair 2005 as comhordú a dhéanamh ar chumarsáidí IFCO agus as idirchaidreamh le bainisteoirí pictiúrlainne go náisiúnta, le fomhór na mbainisteoirí pictiúrlainne in Éirinn nó bhuail sí leo mar chuid den fheachtas feasachta poiblí.

## POST CIGIREACHTA

I 2006 rinne an chigireacht an dara bliain iomlán oibre ó hathghníomhaíodh í i ndeireadh 2004. Thug an Chigireacht cuairt ar gach áitreabh miondíola agus sheiceáil sí go raibh siad ag comhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989. Cé go raibh formhór díobh á chomhlíonadh, glacadh gníomh cuí ina n-aghaidh sin a rinne sárú ar riachtanais.

## CUR AR SCÁILEÁN/PLÉ DO GHRÚPAÍ FÓCAIS

Mar a tharla le blianta beaga anuas, reachtáladh roinnt cur ar scáileán do ghrúpaí fócais le linn 2006 chun eolas a chur ar thuairimí tuismitheoirí, daoine óga, mac léinn dara agus tríú leibhéal, lucht oideachais agus siceolaithe, srl. I measc na scannán a cuireadh ar scáileán/a phlé na grúpaí fócais i 2006 bhí: Babel; Becoming Jane; Bobby; Caché; Capote; Clerks 2; The Departed; Dirty Sanchez; Flags of our Fathers; Hard Candy; An Inconven-ient Truth; Inside Man; Jackass 2; The Last King of Scotland; The Notorious Betty Page; Paradise Now; The Proposition; Red Road; Romanzo Criminale; Studs; The US v John Lennon; The Upside of Anger agus You, Me and Dupree. I measc na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí ionadaithe a bhí rannpháirteach i gcur ar scáileán/i bplé na ngrúpaí fócais i 2006 bhí Aware, Insitiúid na dTreoirchomhairleoirí, Leanaí i mBaol in Éirinn, Foras Oispíse na hÉireann, Institiúid Scannán na hÉireann, An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, Bord Scannán na hÉireann, Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann agus An Chomhairle Ealaíon. Áirítear ar rannpháirtithe eile go leor daltaí dara leibhéal agus a dtuismitheoirí chomh maith le mic léinn agus oideachasóirí as IADT, TCD, UCD, Coláiste Phádraig, Griffith College agus DCU. Reachtáladh roinnt cur ar scannán agus plé freisin le linn na bliana le tuismitheoirí leanaí an-óg agus i roinnt cásanna bhí na leanaí ina dteannta.

Rinneadh breis forbartha i 2006 ar thionscnamh a bunaíodh i 2005 i dteannta an IFI (Institiúid Scannán na hÉireann) agus na Roinne Oideachais ina dtugtar ardán do dhaltaí dara leibhéal, trí chur ar scáileán agus ceardlanna, plé a dhéanamh le IFCO maidir le saincheisteanna scrúdóireachta agus aicmithe. Is ar Mark Brennan, Scrúdóir Cúnta, atá an fhreagracht comhordú a dhéanamh ar chur ar scáileán/plé grúpaí fócais IFCO ó thús 2006

## MODÚL NA HIDIRBHLIANA IN OIDEACHAS ÍOMHÁNNA GLUAISTE

Sheol an tAire Oideachais, Mary Hanafin TD an tAthbhreithniú Píolótach ar Mhodúl na hIdirbhliana in oideachas íomhánna gluaiste in Insitiúid Scannán na hÉireann. Rinne Scrúdóir na Scannán, John Kelleher, cathaoirleacht ar ghrúpa oibre d'ionadaithe ón IFI, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ón gComhairle Ealaíon, ó Bhord Scannán na hÉireann agus IFCO a cheap plean straitéiseach chun oideachas scannán agus cláreagrú pictiúrlainne a fhorbairt do dhaoine óga ar bhonn náisiúnta.

**FIG 1.** This sample homepage from the IFCO website shows the six films released in the week commencing Friday 13th October, 2006. Parents can click on an individual film to see consumer advice and other information about each film (see page 9).




*'They (the newspaper) accused us of suppressing freedom of expression. This was a lie and we could not allow them to publish it.' (Nelba Blandon, Director of Censorship, Interior Ministry, Nicaragua, 1984)*

Chuir an tAthbhreithniú Píolótach torthaí an athbhreithnithe inmheánaigh ó Chéim a hAon den Mhodúl Idirbhliana i láthair, athbhreithniú ar thug an IFI faoi inar bailíodh sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla.

I measc na bpríomhthorthaí cainníochtúla bhí:

• Thug an Modúl spreagadh do 100% de na múinteoirí a bhí rannpháirteach breis íomhánna gluaiste a mhúineadh.

• Deir 83% de mhúinteoirí go raibh fiúntas ag baint le Scannán na hÉireann a mhúineadh.

• Deir 100% de dhaltaí go raibh níos mó suime acu tuilleadh a fhoghlaim faoi íomhánna gluaiste mar thoradh ar an Modúl.

• Bhí 61% de dhaltaí an-díograiseach faoi scannán a ghlacadh mar ábhar idirbhliana. Bhí 37% díobh díograiseach.

*I measc na bpríomhthorthaí cáilíochtúla bhí:*

• Comhaontaíodh go ginearálta gur chuir an Modúl le díograiseacht a bhí i ndaltaí de gach cumas eolas a chur ar mheán comhaimseartha a bhí tráthúil dóibh.

• Cheap múinteoirí, a d'éirigh muiníneach le linn laethanta oiliúna agus a raibh fonn orthu leanúint ag foghlaim, go raibh sé oiriúnach go ndéanfaí scileanna criticiúla agus litearthachta amhairc daltaí a chothú i dtimpeallacht foghlama ghníomhach agus phraiticiúil.

• Bhain daltaí, a bhain sult as dul ag féachaint ar scannáin sa phictiúrlann, scileanna agus muinín amach chun plé a dhéanamh orthu chomh maith le hiad a mheas agus comparáid a dhéanamh orthu le scannáin eile.

Tá an tAthbhhreithniú Iomlán Píolótach le feiceáil agus/nó ar fáil le híoschóipeáil i roinn News ár láithreáin ghréasáin www.ifco.ie.

## CO-OIBRIÚ AICMITHEORA AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Is comhalta é IFCO de Chumann Aicmitheoirí na hEorpa. Is comhalta é Scrúdóir na Scannán, John Kelleher de Ghrúpa Stiúrtha an Chumainn. Reachtáladh comhdháil bhliantúil an Chumainn sa Chríoch Lochlann i 2006 agus ba iad Bord Náisiúnta Aicmiú Scannán na Sualainne agus Bord Náisiúnta Aicmiú na Fionlainne i gcomhar a bhí ina n-óstaigh. I measc na n-ábhar a pléadh bhí dáileadh digiteach agus an tionchar a bheadh aige ar aicmiú, taighde leanúnach i réimsí leasa aicmitheoirí agus Treoir ar Sheirbhísí Meán Físamhairc an AE.

In 2007, beidh Oifig Aicmithe Litríochta agus Scannán na hAstráile mar óstach ar chomhdháil aicmithe idirnáisiúnta i Sydney dar dteidil 'Ratings in the 21st Century: Community Standards in a Borderless Marketplace'. Tugadh cuireadh do Scrúdóir na Scannán, John Kelleher a bheith mar aoichainteoir agus tabharfaidh sé léacht físamhamhairc dar teideal 'From Stop Sign to Signpost'.

Tá IFCO freisin ar cheann de chomhalta bunaidh an WMReF (World Media Regulators' e-Forum), fóram leictreonach idirnáisiúnta chun cumarsáid a éascú laistigh de thimpeallacht idir comhlachtaí rialála meán ar fud an domhain. Is iad na príomhsheirbhísí a chuir láithreán WMReF ar fáil ná fóram rúnda, deasc nuachta, cartlann taighde agus naisc chuig láithreáin ghreásáin oifigiúla rialaitheoirí meán agus láithreáin eile a mbeadh suim iontu. Tá úinéireacht i gcomhar ag eagraíochtaí baill air agus tá ballraíocht i WMReF teoranta do rialaitheoirí meán atá ag obair i réimse an scannáin, fhíseáin agus an mheáin dhigitigh ar fud an domhain. Áirítear ar bhaill rialaitheoirí san Astráil, san Ostair, sa Bheilg, sa Chipir, san Fhionlainn, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, san Ungáir, san Íoslainn, sa Lichtinstéin, sa Liotuáin, san Olainn, i Nua Shéalainn, san Iorua, sa Pholainn, sa Phoirtingéil, i Singeapór, sa tSlóivéin, i nDeisceart na hAfraice, an tSualainn, an RA agus SAM.

## FÍSCHLUICHÍ

Tá físchluichí díolmhaithe ó aicmiú faoin Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, cur cé gur féidir toirmeasc a chur orthu ar fhorais a mhionsonraítear faoi Alt 3 den Acht. Tá Éire ar cheann de na baill a bhunaigh PEGI, córas Eolais Cluichí Pan-Eorpach. Tá an Leas-Scrúdóir, Ger Connolly, ina chomhalta de Bhord Comhairleach PEGI.

I measc baill bhunaidh eile tá an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, Lucsamburg, an Olainn, an Iorua, an Phoirtingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe. Baintear leas as an gcóras PEGI anois i bPoblacht na Seice, san Eastóin, an Ungáir, an Íoslainn, an Liotuáin, an Pholainn, Poblacht na Slóvaice agus sa tSlóivéin.

Déanann an córas PEGI rátáil ar fhíschluichí faoi na catagóirí seo a leanas: 3+, 7+, 12+, 16+ agus 18+. Tacaíonn IFCO leis an gcóras PEGI mar thionscnamh a sholáthraíonn cúnamh suntasach do thuismitheoirí a chinneadh an bhfuil ábhar oiriúnach do dhaoine óga in aoiseanna éagsúla. Déanann IFCO scrúdú rialta ar chluichí atá rátáilte ag 18+ sula n-eisítear iad.

Samhlaítear go reachtálfaidh IFCO comhdháil bhliantúil PEGI, a reachtáladh i Copenhagen i 2006, in Éirinn i 2007.

www.pegi.info láithreán greásáin PEGI.

## RÉITIGH TEICNEOLAÍOCHTA AGUS TE

Mar a dúradh i Réamhrá na Tuarascála seo, tá feidhmiú dara céim mhórchóras comhtháite TE IFCO curtha ar athló de bharr costais a bhain leis. Tá súil agam, mar a dúirt mé anuraidh, go gceadófar rogha níos costas-éifeachtaí go luath amach anseo.


*'While children should be protected against potentially corrupting material, adults are too often over-protected. If they're old enough to choose a government, they're certainly old enough to decide what they want to watch..' (Barry Norman)*

**FIG 2.** Consumer advice for each of the 6 films released in week commencing Friday 13th October, 2006. (see page 7)

**15A**


| | |
|---|---|
| Title: | IDLEWILD |
| Genre: | Musical |
| Director: | Bryan Barber |
| Cast: | Andre Benjamin, Big Boi, Paula Patton |
| Release Date: | 13th Oct 2006 |
| Date Classified: | 21st Sept 2006 |
| Duration: | 121'13' |



| | None | Mild | [illegible] | [illegible] |
|---|---|---|---|---|
| Violence | | | | ✓ |
| Drugs | ✓ | | | |
| Sex/Nudity | | | ✓ | |
| Language | | | | ✓ |
| Other/Comments | STRONG GANGSTER VIOLENCE, INFREQUENT MODERATE SEXUAL IMAGES | | | |

**PG**

| | |
|---|---|
| Title: | BARNYARD |
| Genre: | Family/Animation |
| Director: | Steve Oedekerk |
| Cast: | Kevin James, Courtney Cox, Sam Elliott |
| Release Date: | 13th Oct 2006 |
| Date Classified: | 29th Aug 2006 |
| Duration: | 89'30" |



| | None | Mild | [illegible] | [illegible] |
|---|---|---|---|---|
| Violence | | ✓ | | |
| Drugs | ✓ | | | |
| Sex/Nudity | ✓ | | | |
| Language | ✓ | | | |
| Other/Comments | [illegible] | | | |

**18**

| | |
|---|---|
| Title: | TEXAS CHAINSAW MASSACRE - THE BEGINNIN |
| Genre: | Slasher/Horror |
| Director: | Jonathan Liebesman |
| Cast: | Jonathan Brewster, Taylor Handley, Diora Baird |
| Release Date: | 13th Oct 2006 |
| Date Classified: | 5th Oct 2006 |
| Duration: | 91'00' |



| | None | Mild | [illegible] | [illegible] |
|---|---|---|---|---|
| Violence | | | | ✓ |
| Drugs | ✓ | | | |
| Sex/Nudity | | ✓ | | |
| Language | | | | ✓ |
| Other/Comments | [illegible] | | | |

**12A**

| | |
|---|---|
| Title: | THE GUARDIAN |
| Genre: | Action/Adventure |
| Director: | Andrew Davis |
| Cast: | Kevin Costner, Ashton Kutcher, Clancy Brown |
| Release Date: | 13th Oct 2006 |
| Date Classified: | 15th Sept 2006 |
| Duration: | 138'35' |




| | None | Mild | [illegible] | [illegible] |
|---|---|---|---|---|
| Violence | | | ✓ | |
| Drugs | | ✓ | | |
| Sex/Nudity | | ✓ | | |
| Language | | | ✓ | |
| Other/Comments | [illegible] | | | |

**12A**

| | |
|---|---|
| Title: | THE ARYAN COUPLE |
| Genre: | WWII Drama |
| Director: | John Daly |
| Cast: | Martin Landau, Judy Parfitt, Kenny Doughty |
| Release Date: | 13th Oct 2006 |
| Date Classified: | 22nd Sept 2006 |
| Duration: | 119'26' |



| | None | Mild | [illegible] | [illegible] |
|---|---|---|---|---|
| Violence | | | ✓ | |
| Drugs | | ✓ | | |
| Sex/Nudity | | ✓ | | |
| Language | | ✓ | | |
| Other/Comments | FREQUENT INSTANCES OF ANTI-SEMITISM | | | |


**16**

| | |
|---|---|
| Title: | THE HISTORY BOYS |
| Genre: | Comedy/Drama |
| Director: | Nicholas Hytner |
| Cast: | Richard Griffiths, Penelope Wilton, Frances De |
| Release Date: | 13th Oct 2006 |
| Date Classified: | 12th July 2006 |
| Duration: | 109'25' |



| | None | Mild | [illegible] | [illegible] |
|---|---|---|---|---|
| Violence | | ✓ | | |
| Drugs | | ✓ | | |
| Sex/Nudity | | | | ✓ |
| Language | | | | ✓ |
| Other/Comments | [illegible] | | | |

*'The girl dancing on the village green shows more leg than ever I've seen on any village green in Ireland. Better amputate them.' (James Montgomery, the first Film Censor, referring to the 1935 film 'Father O'Flynn')*



V FOR VENDETTA **15A**

## TÍR LÉIRITHE NA 265 GNÉSCANNÁN A nDEARNADH DEIMHNIÚ 2006

***(a)*** *Aon tír léirithe amháin*

| | |
|---|---|
| AN ASTRÁIL | 3 |
| CEANADA | 2 |
| AN DANMHAIRG | 1 |
| AN FHRAINC | 5 |
| AN GHEARMÁIN | 5 |
| AN INDIA | 4 |
| ÉIRE | 3 |
| AN IODÁIL | 1 |
| AN TSEAPÁIN | 1 |
| DEISCEART NA HAFRAICE | 1 |
| AN SPÁINN | 3 |
| AN TÉALAINN | 1 |
| RA | 24 |
| SAM | 146 |
| VEINISÉALA | 1 |
| **IOMLÁN** | **201** |

***(b)*** *Níos mó ná tír léirithe (i.e. comhléiriú)*


| | |
|---|---|
| AN ASTRÁIL / SAM | 2 |
| AN ASTRÁIL / AN RA | 2 |
| CEANADA / SAM | 3 |
| CEANADA / AN NUA SHÉALAINN / SAM | 1 |
| AN tSÍN / HONG CONG | 1 |
| AN FHRAINC / AN OSTAIR | 1 |
| AN FHRAINC / AN GHEARMÁIN / AN OLAINN / AN IODÁIL | 1 |
| AN FHRAINC / AN GHEARMÁIN / SAM | 1 |
| AN FHRAINC / AN IODÁIL / AN BHEILG / AN tSEAPÁIN | 1 |
| AN FHRAINC / AN SPÁINN / AN GHEARMÁIN | 1 |
| AN FHRAINC / AN RA | 1 |
| AN FHRAINC / AN RA / DEISCEART NA hAFRAICE / SAM | 1 |
| AN GHEARMÁIN / AN SPÁINN / AN RA / SAM | 1 |
| AN GHEARMÁIN / AN RA | 3 |
| AN GHEARMÁIN / SAM | 8 |
| AN GHEARMÁIN / SAM / AN RA | 2 |
| HONG CONG / SAM | 1 |
| AN UNGÁIR / AN GHEARMÁIN / AN RA | 1 |
| INDIA / SAM | 1 |
| ÉIRE / AN GHEARMÁIN / AN RA / AN tSUALAINN | 1 |
| ÉIRE / AN RA | 3 |
| AN IODÁIL / AN FHRAINC / AN RA | 1 |
| AN tSEAPÁIN / AN CHÓIRÉ THEAS | 1 |
| AN tSEAPÁIN / SAM / AN FHRAINC | 1 |
| MEICSICEO / AN SPÁINN / SAM | 1 |
| AN MHONGÓIL / AN GHEARMÁIN | 1 |
| AN OLAINN / AN GHEARMÁIN / AN RA / AN BHEILG | 1 |
| AN CHÓIRÉ THEAS / HONG CONG / AN tSÍN | 1 |
| AN RA / CEANADA | 1 |
| AN RA / AN DANMHAIRG | 1 |
| AN RA / AN FHRAINC / DEISCEART NA hAFRAICE | 1 |
| AN RA / ÉIRE / AN FHRAINC | 1 |
| AN RA / DEISCEART NA hAFRAICE | 1 |
| AN RA / SAM | 12 |
| AN RA / SAM / POBLACHT NA SEICE | 1 |
| AN RA / SAM / AN GHEARMÁIN / AN tSÍN | 1 |
| SAM / AN FHRAINC | 1 |
| **IOMLÁN** | **64** |



*'It's red hot, mate. I hate to think of this sort of book getting into the wrong hands. As soon as I've finished it, I shall recommend they ban it.'* *(Tony Hancock, British comedian)*


## SCANNÁIN PHICTIÚRLAINNE A DEIMHNÍODH i 2006

Fad iomlán na scannán pictiúrlainne a deimhníodh: 475 uair 53 nóiméad



| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 265 |
| Scannáin Ghearra | 6 |
| Réamhbhlaisíní | 366 |
| **Iomlán** | **637** |

## PRÍOMHSCANNÁIN DE RÉIR CATAGÓIRE i 2006



| | |
|---|---|
| G | 18 |
| PG | 36 |
| 12A | 53 |
| 15A | 94 |
| 16 | 42 |
| 18 | 22 |
| **Iomlán** | **265** |

## SCANNÁIN PHICTIÚRLAINNE A DEIMHNÍODH ó 2002 - 2006

| | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| Príomhscannáin | 185 | 213 | 249 | 252 | 265 |
| Scannáin Ghearra | 20 | 15 | 23 | 5 | 6 |
| Réamhbhlaisíní | 319 | 301 | 338 | 292 | 366 |
| **Iomlán** | **524** | **529** | **610** | **549** | **637** |


## PRÍOMHSCANNÁIN DE RÉIR CATAGÓIRE ó 2002 - 2006

| | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| G | 17 | 11 | 10 | 14 | 18 |
| PG | 19 | 23 | 31 | 39 | 36 |
| 12A | 36 | 40 | 61 | 55 | 53 |
| 15A | 73 | 91 | 90 | 71 | 94 |
| 16 | - | - | 7 | 43 | 42 |
| 18 | 40 | 48 | 50 | 30 | 22 |
| **Iomlán** | **185** | **213** | **249** | **252** | **265** |




*Níor déanadh achomharc chuig Bord Achomhairc Scrúdóir na Scannán ar aon chinneadh a ghlac Scrúdóir na Scannán i 2006 maidir le scannáin phictiúrlainne.*




*'The whole principle [of censorship] is wrong. It's like demanding that grown men live on skim milk because the baby can't have steak.' (Robert Heinlein, 'The Man Who Sold the Moon')*





 *'Pestilent literature is a poison which corrupts the heart and undermines virtue, but its dreadful havoc is outdistanced by the pernicious effects of the filthy picture screen.'* *(Fr. Paul, O.F.S.C, Dublin Vigilance Committee, 1915)*



STRENGTH
THROUGH
UNITY
UNITY
THROUGH











FLAGS OF OUR FATHERS **15A**


## IOMLÁN NA FÍS-SAOTHAT A DEIMHNÍODH SA BHLIAIN 2006 (Blaisíní/réamhbhreathnú/fógraí san áireamh) 9926

De na saothair a chuir IFCO ar aghaidh le deimhniú i 2006 rinneadh ordú toirmisc maidir le saothar DVD/físeán amháin, Steal Runway, agus tá mionsonraí faoi sin foilsithe in Iris Oifigiúil.

Níor déanadh achomharc chuig Bord Achomhairc Scrúdóir na Scannán ar aon chinneadh a ghlac Scrúdóir na Scannán i 2006 maidir le saothar DVD/físeán.

Le linn 2006, ar iarratas ó na Gardaí agus ó chraobh Custaim agus Mál na gCoimisinéirí Ioncaim, scrúdaigh IFCO sampla d'obair a ghabh na húdaráis sin. Eisíodh deimhnithe, nuair a bhí sin cuí, ag rá go mbeadh siad seo toirmeasctha faoi Alt 7 den Acht um Fhísteafadtaí 1989 agus nach raibh deimhnithe soláthair i bhfeidhm do shaothair den chineál sin. Is féidir na deimhnithe sin a úsáid mar fhianaise i gcásanna a thabharfadh na húdaráis thuasluaite.

## SAOTHAR DVD/FÍSEÁN A DEIMHNÍODH i 2006 DE RÉIR CATAGÓIRE




| | |
|---|---|
| G | 3042 |
| PG | 2625 |
| 12 | 1872 |
| 15 | 1955 |
| 18 | 432 |
| **Iomlán** | **9926** |

## SAOTHAR DVD/FÍSEÁN A DEIMHNÍODH ó 2002 - 2006 DE RÉIR CATAGÓIRE

| | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| G | 2363 | 1986 | 2523 | 2916 | 3042 |
| PG | 1545 | 1474 | 1686 | 2522 | 2625 |
| 12 | 844 | 984 | 1270 | 1733 | 1872 |
| 15 | 1360 | 1487 | 1480 | 1869 | 1955 |
| 18 | 574 | 573 | 574 | 592 | 432 |
| **Iomlán** | **6686** | **6504** | **7533** | **9632** | **9926** |


## CEADÚNAIS A EISÍODH i 2006



| | |
|---|---|
| Mórdhíol | 10 |
| Miondíol | 1565 |
| Miondíol Feithicle | 9 |
| **Iomlán** | **1584** |

## CEADÚNAIS A EISÍODH ó 2002-2006

| | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| Mórdhíol | 7 | 9 | 10 | 7 | 10 |
| Miondíol | 1264 | 1351 | 1369 | 1357 | 1565 |
| Miondíol Feithicle | 25 | 22 | 23 | 18 | 9 |
| **Iomlán** | **1296** | **1382** | **1402** | **1382** | **1584** |




## JOHN KELLEHER

Ceapadh John Kelleher mar Scrúdóir Oifigiúil na Scannán an 7ú Aibreán 2003, i ndiaidh próisis chomórtais fógraithe phoiblí.

I mBaile Átha Cliath a rugadh é agus bhain sé céim BCL amach i UCD agus Céim Mháistreachta i nDrámaíocht ó Ollscoil Kentucky. Glaodh chun an Bharra air i 1971. Mar stiúrthóir/léirtheoir in RTÉ, léirigh sé go leor clár a bhain duaiseanna amach lena n-áirítear Strumpet City agus Even the Olives Were Bleeding.

Ceapadh é mar Cheannaire na gClár Teilifíse i 1980 agus bhunaigh sé an clár Today Tonight an bhliain chéanna. D'fhág sé RTÉ in 1983 chun post a ghlacadh mar Bhainisteoir Stiúrtha an Sunday Tribune.

Bhí sé ar dhuine de na stiúrthóirí neamhspleácha teilifíse agus scannán is ceanndródaí sa tír ar feadh breis is fiche bliain. Léirigh sé sé scannán pictiúrlainne lena n-áirítear Eat the Peach. Scríobh sé sé shraith drámaíochta teilifíse i gcomhar chomh maith le roinnt cláracha faisnéise agus ceithre shraith de phríomhchlár chúrsaí reatha TV3, Agenda. Tá sé pósta agus tá mac agus iníon aige.




## GER CONNOLLY

Ceapdh Ger Connolly mar Leas-Scrúdóir i Lúnasa 2003.


Is i mbaile Chill Dara a rugadh é agus is ann atá cónaí air. Bhain sé céim B.Comm. amach i UCD. Rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sell, agus d'oibrigh sé sa réimse sin sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Ceapadh é mar scrúdóir scannán cúnta páirt-aimseartha i Samhain 1993. D'oibrigh sé mar Scrúdóir Scannán Cúnta agus bhí sé ar dhuine de thriúr toscairí chuig Comhdháil Aicmitheoirí Scannán na hEorpa i 2001. Is ionadaí na hÉireann é ar bhord PEGI, córas aicmithe na gCluichí Pan-Eorpach agus tá sé ina bhall den Bhord Comhairleach agus den Bhord Gearán. Tá sé pósta agus tá beirt mhac agus iníon amháin aige.



## ANN O'KELLY

Is í an tArd-Oifigeach Feidhmiúcháin, Ann O'Kelly, Bainisteoir na hOifige agus is í a dhéanann maoirsiú ar fhoireann de sheisear státseirbhíseach, lena n-áirítear beirt Oifigeach Feidhmiúcháin, seisear Oifigeach cléireachais (beirt ag roinnt posta) chomh maith le beirt Teilgeoirí. Bhí Ann ag obair ar feadh roinnt blianta sa Rannán Príosún sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Bhí sí ag obair roimhe sin sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus sa Roinn Cosanta.



OLGA BENNETT
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Iar-Ionadaí Poiblí
1 leanbh
Ceapadh i 1993 í



MARK BRENNAN
Cónaí air i mBaile Átha Cliath
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse
2 Leanbh
Ceapadh i 2004 é



TOM FITZGERALD
Cónaí air sa Daingean
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanbh
Ceapadh i 2002 é




DAVID POWER
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Business Executive
Ceapadh i 2006 é




JOHN KEITH
Cónaí air san Aonach
Iarfhostaí sa tSeirbhís Phoiblí
3 Leanbh
Ceapadh i 1993 é




MAIREAD MARRON
Cónaí uirthi i Sord
Comhairleoir/Síciteiripeoir
6 Leanbh
Ceapadh i 1995 í




DANI MCCLAFFERTY
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Mac Léinn
Ceapadh i 2004 í



PATRICIA MURPHY
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
3 Leanbh
Ceapadh i 2004 í



P. J. SHERIDAN
Cónaí air i gClaonadh, Co. Chill Dara
Iarfhostaí sa tSeirbhís Phoiblí
3 Leanbh
Ceapadh i 2004 é



TONY STAPLETON
Cónaí air san Uaimh
Former Sales Director
5 Leanbh
Ceapadh i 1993 é



*'Censors tend to do what only psychotics do: they confuse reality with illusion' (David Cronenberg)*

X-MEN:THE LAST STAND **12A**





ALISON FOLEY
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Abhcóide
Ceapadh i 2004 í
(D'éirigh sí as i Meán Fómhair 2006)

## SCRÚDÓIRÍ PÁIRT-AIMSEARTHA

Cuidíonn foireann Scrúdóirí páirt-aimseartha le Scrúdóir na Scannán dualgaisí na hOifige a chomhlíonadh. Is é príomhfhreagracht na foirne seo ná aicmiú a dhéanamh ar na mílte saothar DVD/físeán a dheimhníonn an Oifig ar bhonn bliantúil. I Meán Fómhair 2006, d'imigh Alison Foley, a ceapadh mar Scrúdóir Cúnta i 2004, as IFCO chun post a ghlacadh mar Dhlíodóir Pleanála sa Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród agus cheap and tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, David Power, céimí dlí, atá ag obair sa tionscail óstán agus fóillíochta faoi láthair, ina háit.

## DEIMHNITHE AR MHAITHE LE hIMEACHTAÍ CÚIRTE

Tarchuireann an Oifig gearáin maidir le sárú fhorálacha an Achta um Scrúdóireacht Scannán 1923 agus fhorálacha an Achta um Fhísthaifeadtaí, 1989 chuig an nGarda Síochána lena bhfiosrú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhísthaifeadtaí, 1989 is féidir le Scrúdóir na Scannán deimhnithe a eisiúint chun eolas ar leith a sholáthar a bheadh inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Ba é an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh i 2006, a thugann le fios nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3) i ndáil le saothair áirithe, ná 56.

## AIRGEADAS

B'iad seo a leanas na táillí a ghearr an Oifig ar dheimhniú scannán pictiúrlainne agus DVD/físeán agus ar eisiúint ceadúnas i 2006:

| | |
|---|---|
| Táillí a gearradh ar Dheimhniú Scannán | €206,186 |
| Táillí a gearradh ar Dheimhniú DVD/físeán | €3,895,580 |
| Táillí a gearradh ar Cheadúnais Mhiondíola agus Mhórdíola | €455,170 |
| Ioncam iomlán a fuarthas i 2006 agus a cuireadh ar aghaidh chuig an gCuntasóir An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí | **€4,556,936** |

Is léiriú iad na suimeanna thuas ar an struchtúr táillí athbhreithnithe a cuireadh i bhfeidhm i 2004. Forálann scála nua táillí do scannáin phictiúrlainne, a feidhmíodh i ndiaidh Ordú ón Aire an 1ú Aibreán 2004, ráta laghdaithe de €3 an nóiméad i gcás scannán a bheidh le heisiúint ar shé chló nó níos lú. Ardaíodh an táille a bhí ann roimhe sin de €8 an nóiméad go €12 an nóiméad ar gach cineál scannán eile, seachas scannáin oideachais, nach ngearrtar táillí ar bith orthu. Tugadh isteach buntáille ar réamhbhlaisíní freisin.

Forálann scála nua táillí do shaothair DVD/físeán, a feidhmíodh i ndiaidh Ordú ón Aire an 1ú Meitheamh 2004 (I.R. 113 de 2004), táillí aicmithe DVD/físeán a bheith bunaithe ar fad na hoibre a chuirtear ar aghaidh, seachas mar a bhí roimhe seo, nuair a bhain rátaí éagsúla le cíos agus díol. Tugadh isteach buntáille de €50 in aghaidh DVD/físeáin bhreise/réamhbhlaisín/fógra freisin.



PIRATES OF THE CARIBBEAN: DEAD MAN'S CHEST **12A**



*'The price of liberty is eternal vigilance.' (Thomas Jefferson 1743-1826)*

## GRÚPAÍ FÓCAIS

Leanfaidh IFCO lena chlár cur ar scáileán/plé do ghrúpaí fócais rialta ar shaincheisteanna rátálacha a bhfuil imní cuí fúthu.

## FEACHTAS FEASACHTA POIBLÍ – CÉIM A DÓ

Seolfar an dara céim d'fheachtas náisiúnta feasachta poiblí IFCO i 2007. Is é príomhchuspóir an fheachtais ná feasacht ar láithreán gréasáin IFCO mar uirlis tomhaltóra do thuismitheoirí a chur chun cinn agus beidh an feachtas ag díriú go mór ar féachaint le tuismitheoirí a aimsiú trí chomhoibriú gníomhach scoileanna.

## FORBAIRT TE – CÉIM A DÓ

Tá cúrsaí mar atá ráite sa Réamhrá agus ar leathanaigh 6 agus 8 na tuarascála seo.

## COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA

Leanfaidh IFCO a bheith rannpháirteach go hiomlán i bplé agus i ndíospóireacht lenár gcomhghleacaithe aicmithe san Eoraip agus go hidirnáisiúnta tríd bhaint leanúnach le Cumann Aicmitheoirí na hEorpa, in r-Fóram Rialtóirí Meán an Domhain agus PEGI (Córas Eolais Cluichí Pan-Eorpach).

## SCOILEANNA

Leanfaidh IFCO a bheith rannpháirteach go gníomhach sa Mhodúl Íomhánna Gluaiste na hIdirbhliana i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Scannán na hÉireann agus an Roinn Oideachais. Is é an príomhaidhm atá leis seo ná cur le litearthacht amhairc trí rannpháirteacht chruthaitheach agus thaitneamhach i scannán le linn na hidirbhliana. Éascóidh IFCO múinteoirí agus mic léinn chun cur lena dtuiscint ar an obair a dhéanann IFCO. Beidh cur ar scáileán agus ceardlanna i gceist leis seo ina ndéanfar plé ar na critéir éagsúla faoinar rinneadh an obair.

## TAIGHDE

Rinne IFCO coimisiúnú ar chomhairleoir meán agus scannán, an Dr Jim Barratt, chun staidéar ar scóip a dhéanamh a dhéanfaidh scrúdú ar roghanna aicmithe san aois dhigiteach. Staidéar nach mbeidh teorainneach náisiúnta ar bith ag baint leis. Is ó dhiongbháilteacht IFCO gan neamhaird a dhéanamh ar mhargadh atá ag athrú go tapa a d'eascair sé seo agus chun muid féin a chur ar an eolas conas is fearr dúinn freagairt do na dúshláin a thiocfaidh chun cinn maidir le haicmiú pictiúrlainne agus DVD de bharr forbairtí nua teicneolaíochta agus samhaltacha gnó.

Spreag roinnt fachtóirí an taighde:

• Tá imní ann nach gclúdóidh an reachtaíocht reatha roinnt de na cainéil dáilte digiteacha agus dá bhrí sin go dtitfidh siad lasmuigh den chóras aicmithe reachtúil.

• Áirítear ar na bealaí nua dáilte sin físeán- ar-éileamh idirlíon-bhunaidh (VoD) chomh maith le tarchur neamhlíneach tras-tíre digiteach, saitilít, cábla agus líonraí DSL (VoD teilifís-bhunaidh).

• Tá dáileadh scannán fós san idirthréimhse mar go bhfuil ceannródaíocht fós á dheánamh ar na seirbhísí seo agus go bhfuil siad á roláil amach agus tá samhaltacha nua gnó agus tairiscintí tomhaltóra á bhforbairt agus á dtástáil sa mhargadh.

• Tá neamhchinnteacht sa tionscal faoin tionchar a bheidh ag na bealaí nua dáilte seo ar mhargaí siamsaíochta baile agus amharclainne atá ann cheana féin agus cuirfear corr eile sa scéal nuair a thabharfar isteach dhá fhormáid ard-ghléineachta DVD a bheidh i gcomórtas le chéile agus roláil amach taispeántas amharclainne digiteach.

• Deá-scéala iad na forbairtí margaidh seo don tomhaltóir mar má thagann méadú ar chainéil dáilte tá gach baol ann go dtiocfadh ardú ar réimse, teacht agus rochtain ar shiamsaíocht scannánaithe. D'fhéadfadh teicneolaíochtaí digiteacha nua nach mbeidh aon srian orthu ag teorainneacha ná dlínsí náisiúnta agus a mbeidh sé níos deacra feidhmeanna ceadúnaithe agus coinneála a chur i bhfeidhm an ghaoth a bhaint as seolta IFCO agus as córais náisiúnta aicmithe eile áfach.

Ardaíonn na fachtóirí sin roinnt ceisteanna a bheidh mar chuid lárnach de staidéar Dr. Barratt:

1. Cad go díreach iad na bagairtí a bheidh ag bagairt ar shocruithe IFCO de bharr athruithe margaidh agus teicneolaíochta?

2. Conas is féidir le córas aicmithe áitiúil/náisiúnta mar cheann IFCO rialú a dhéanamh ar dháileadh scannán idirlíon-bhunaidh atá á bhfeidhmiú as dlínsí náisiúnta eile?

3. Cé na hathruithe reachtaíochta, más ann dóibh, a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun taca a chur faoi ról IFCO tomaltóirí na hÉireann a chur ar an eolas agus a chosaint cibé cén bealach a roghnóidh siad rochtain a fháil ar shiamsaíocht scannánaithe?

4. Cad iad na céimeanna praiticiúla eile a d'fhéadfaí a ghlacadh chun caighdeáin aicmithe a choinneáil ar fud gach bealach dáilte reatha agus bealaí dáilte amach anseo?

5. Cén tionchar a bheidh ag cainéil dáilte nua ar mhéid agus ar fhuinneamh margaí físeán/DVD agus margaí amharclainne?

6. Cad iad na socruithe ar dóigh go mbeidh fabhar ag lucht dáilte scannán leo agus dá bhrí sin na cinn is mó a n-éireoidh leo?

7. Cén leibhéal cosanta agus eolais a bheidh ó thomhaltóirí/thuismitheoirí a mbeidh rochtain acu ar scannán trí ardáin nua digiteacha?

8. Cad atá rialtóirí meán agus údaráis aicmithe eile a dheánamh chun freastal ar na dúshláin seo?

9. An bhfuil gá le breis comhoibriú idirnáisiúnta ó aicmitheoirí nó an bhfuil sé praiticiúil chun freastal ar na dúshláin a bhaineann le domhandú?

Beidh tuarascáil Dr. Barratt ar fáil ar láithreán gréasáin IFCO amach i 2007.



*'If the human body's obscene, complain to the manufacturer, not me'* (Larry Flynt, U.S. sex magazine publisher)